C/2024/579

8.1.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas leasaithe chaighdeánaigh ar shonraíocht táirge i ndáil le hainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/579)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

'Rheinhessen'

PDO-DE-A1274-AM02

Dáta teachtaireachta: 26.10.2023

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. Tuairisc ar na hathruithe

(a) *Saintréithe anailíseacha agus/nó orgánaileipteacha*

Beidh an tásc ar an neart alcóil nádúrtha íosta agus an meáchan úrfhíona nádúrtha íosta nasctha amach anseo leis an gcónasc 'agus'. Cuirtear an abairt seo a leanas maidir le cuntasaíocht siléir isteach ar mhaithe le soiléiriú: 'Ní mór an meáchan úrfhíona sa choimeádán coipthe a dhoiciméadú.'

(b) *Cineálacha fíonchaoire*

Léiríodh na cineálacha fíonchaoire seo a leanas go dtí seo i bpointe 8 den tsonraíocht táirge:

Fíon geal:

Albalonga, Arnsburger, Auxerrois (Auxerrois blanc, Pinot auxerrois), Bacchus, Blauer Silvaner, Bronner, Cabernet Blanc, Calardis Blanc, Chardonnay, Ehrenbreitsteiner, Ehrenfelser, Faberrebe (Faber), Felicia, Findling, Freisamer, Früher Malingre (Malinger), Früher Roter Malvasier (Malvasier, Früher Malvasier, Malvoisie), Gelber Muskateller (Blanc, Muskateller, Moscato, Muscat), Goldmuskateller, Goldriesling, Grüner Silvaner (Silvaner, Sylvaner), Grüner Veltliner (Veltliner), Helios, Hibernal, Hölder, Huxelrebe (Huxel), Johanniter, Juwel, Kanzler, Kerner, Kernling, Merzling, Morio-Muskat, Müller-Thurgau (Rivaner), Muscaris, Muskat-Ottonel, Nobling, Optima 113 (Optima), Orion, Ortega, Osteiner, Perle, Phoenix (Phönix), Prinzipal, Regner, Reichensteiner, Rieslaner, Rosa Chardonnay, Roter Elbling (Elbling, Elbling Rouge), Roter Gutedel (Gutedel, Chasselas, Chasselas Rouge), Roter Müller-Thurgau, Roter Muskateller (Muskateller, Moscato, Muscat), Roter Riesling, Roter Traminer (Gewürztraminer, Clevner, Traminer), Ruländer (Grauer Burgunder, Grauburgunder, Pinot gris, Pinot grigio), Saphira, Sauvignon blanc, Sauvignon Cita, Sauvignon Gryn, Sauvignon Sary, Sauvitage, Scheurebe, Schönburger, Septimer, Siegerrebe (Sieger), Silcher, Sirius, Solaris, Souvignier Gris, Staufer, Trebbiano di Soave, Villaris, Weißer Burgunder (Weißburgunder, Pinot blanc, Pinot bianco), Weißer Elbling (Elbling), Weißer Gutedel (Gutedel, Chasselas, Fendant Blanc), Weißer Riesling (Riesling, Rheinriesling, Riesling renano, Klingelberger), Würzer.

Fíon dearg agus fíon rosé:

Accent, Acolon, Allegro, Baron, Blauburger, Blauer Frühburgunder (Frühburgunder, Pinot noir Précoce, Pinot Madeleine, Madeleine Noir), Blauer Limberger (Lemberger, Blaufränkisch, Limberger), Blauer Portugieser (Portugieser), Blauer Spätburgunder (Spätburgunder, Pinot noir, Pinot nero, Samtrot), Blauer Trollinger (Trollinger, Vernatsch), Blauer Zweigelt (Zweigeltrebe, Rotburger, Zweigelt), Bolero, Cabernet Cantor, Cabernet Carbon, Cabernet Carol, Cabernet Cortis, Cabernet Cubin (Cubin), Cabernet Dorio (Dorio), Cabernet Dorsa (Dorsa), Cabernet franc, Cabernet Mitos (Mitos), Cabernet Sauvignon, Cabertin, Calandro, Dakapo, Deckrot, Domina, Dornfelder, Dunkelfelder, Färbertraube, Hegel, Helfensteiner, Heroldrebe, Merlot, Monarch, Müllerrebe (Schwarzriesling, Pinot Meunier), Muskattrollinger, Neronet, Palas, Pinotin, Piroso, Prior, Reberger, Regent, Rondo, Rosenmuskateller, Rotberger, Rubinet, Saint-Laurent (Sankt Laurent, St. Laurent), Syrah (Shiraz), Tauberschwarz, Wildmuskat.

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

LEASUITHE:

Amach anseo cuirfear ‘cineálacha fíonchaor geal’ agus ‘cineálacha fíonchaor dearg’ in ionad ‘fíon geal’ agus ‘fíon dearg agus rosé’.

- Cuireadh na cineálacha a leanas leis:

Cineálacha fíonchaor geal:

‘Adelfränkisch, Alvarinho, Blütenmuskateller, Chenin blanc, Cumdeo Blanc, Dalkauer, Donauriesling, Donauveltliner, Früher Leipziger, Furmint, Gelber Kleinberger, Gelber Orleans, Glera, Gm 324-58, Gm 6423-12, Gm 6427-5, Gm 789-10, Gm 7926-1, Gm 7941-11, Grünfränkisch, Jakob Gerhardt Blanc, Manzoni Bianco, Mariensteiner, Marsanne blanche, Muscabona, Orangentraube, Petit Manseng, Pollux, Rheinfelder, Rinot, Roter Veltliner, Sauvignac, Sauvignon gris, Savagnin Blanc, Semillon, VB 32-7, Viognier, Weißer Räuschling, We S 503.’

Cineálacha fíonchaor dearg:

‘Alegrillo Negro, Barbera, Bettlertraube, Blauer Gänsfüßer, Blauer Hängling, Blauer Muskateller, Cabaret noir, Cabernet Jura, Calabrese, Carménère, Chatus, Cumdeo Rouge, Divico, Gamay noir, Gm 6421-2, Gm 6421-15, Gm 674-1, Gm 7217-5, Gm 8210-1, Grenache Noir, Hartblau, Kleiner Fränkischer Burgunder, Lagrein, Laurot, Malbec, Nebbiolo, Petite Syrah, Petit Verdot, Pinotage, Pinot nova, Primitivo, Sangiovese, Satin Noir, Schwarzblauer Riesling, Schwarzer Heunisch, Schwarzer Urban, Süßschwarz, Tannat, Tempranillo, VB 91-26-5, We 70-281-37, We 94-26-37.’

Scriosadh na comhchiallaigh.

(c) *Ceanglais is infheidhme*

Ceanglais is infheidhme faoin reachtaíocht náisiúnta:

Cuireadh an fhoráil maidir le hainmniúchán leis, ar dá réir a fhéadfar gnéithe d’ainmniúchán atá rialaithe go dlíthiúil a úsáid i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

(d) *Údaráis rialaithe*

Ceartú ar uimhir facs an Chomhlachas Talmhaíochta.

(e) *Eile*

Sa mhír ‘Nasc leis an limistéar’, rinneadh na tuairiscí ar na catagóirí ‘fíon’, ‘fíon leathshúilíneach’ agus ‘fíon súilíneach ar ardchaighdeán’ a shoiléiriú agus cuireadh leagan amach difriúil orthu. Ní gá leasú Aontais a chur isteach, mar nach neamhnítear an nasc leis an limistéar geografach leis na leasuithe (cf. Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2019/33).

Rinneadh na leasuithe a leanas:

Cuireadh le pointe 9.4.1 den tsonraíocht táirge, an chatagóir ‘Fíon’. Is mar a leanas a bhí an abairt atá i gceist i dtosach: Ní mór go gcomhlíonfadh “Prädikatsweine” (fíonta lena ngabhann gnéithe ar leith) na critéir a leagtar amach i bpointe 3.2 ar a laghad.’ Is mar a leanas a léitear é anois: Ní mór go gcomhlíonfadh ‘Prädikatsweine’ (fíonta lena ngabhann gnéithe ar leith) na critéir a leagtar amach i bpointe 3.2 ar a laghad agus níor cheart iad a shaibhriú.’

Cuireadh leagan amach nua ar abairt i bpointe 9.4.2 den tsonraíocht táirge, an chatagóir ‘fíon leathshúilíneach’. Is mar a leanas atá an abairt atá le leasú anois: ‘Déantar an táirgeadh trí choipeadh nó trí aigéad carbónach inginiúil a chur leis’. Tar éis an leasaithe, is mar a leanas a léitear é: ‘Coinnítear cuid den dé-ocsaíd charbóin a dhíorthaítear go nádúrtha ó choipeadh le linn coipthe.’

Cuireadh an chéad choipeadh leis i bpointe 9.4.3 den tsonraíocht táirge, an chatagóir ‘Fíon súilíneach ar ardchaighdeán’. Go dtí seo, de réir na tuairisce, ní fhéadfaí fíon súilíneach ar ardchaighdeán a tháirgeadh ach trí mheán dara coipthe ar an mbunfhíon súilíneach. Leathnaíonn an leasú an fhéidearthacht fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán a tháirgeadh chun an chéad choipeadh a chur san áireamh.

2. **Na cúiseanna leis na hathruithe**

(a) *Saintréithe anailíseacha agus/nó orgánaileipteacha*

Ós rud é go mbaintear an tábla comhshó níl bunús dlí ann a thuilleadh leis an tagairt don mheáchan úrfhíona nádúrtha íosta. Mar sin féin, ós rud é go n-oibríonn táirgeoirí i gcleachtas leis an Öchslegrade (scála an mheáchan úrfhíona), beidh sé sin sa tsonraíocht táirge fós. Beidh an tásc ar an íosmhéid nirt alcóil nádúrtha agus an meáchan úrfhíona nádúrtha íosta measctha da bhrí sin ag an gcónasc 'agus'. Léirítear go soiléir leis sin nach mór do tháirgeoirí cloí le luach an íosmhéid nirt alcóil nádúrtha agus le luach an íosmheáchan úrfhíona nádúrtha má tá siad chun táirgí a mhargú mar 'ATFC Rheinhessen'. Chun míthuiscintí a sheachaint maidir le cuntasaíocht siléir, chinn an comhlachas cosanta (*Schutzgemeinschaft*) abairt a chuir isteach lena soiléirítear nach gá ach meáchan úrfhíona a thaifeadadh i dtaifid na fíonlainne.

(b) *Cineálacha fíonchaoire*

Tá an liosta de chineálacha fíonchaoire neamhiomlán agus rinneadh é a fhorlíonadh, ós rud é gur cheart na cineálacha go léir a bhí aicmithe roimhe atá á saothrú a lua, mar go bhfuil sé cruthaithe ag na cineálacha sin cheana a luachmhaire is atá siad sa réigiún. Comhlíonann na fíonta a tháirgtear ó na cineálacha sin ceanglais na sonraíochta táirge.

Amach anseo, beidh na cineálacha fíonchaoire liostaithe faoi na ceannteidil 'cineálacha fíonchaor geal' agus 'cineálacha fíonchaor dearg' seachas 'fíon geal' agus 'fíon dearg agus rosé', ós rud é gurb é an liosta de chineálacha fíonchaoire sa tsonraíocht táirge, seachas an táirge deiridh, a chinneann cibé acu an féidir nó nach féidir cineálacha a shaothrú. Scriosadh na comhchiallaigh, mar gurb ionann an liosta de chineálacha fíonchaoire sa tsonraíocht táirge, agus 'cead pleanála', seachas ceanglas lipéadaithe.

(c) *Ceanglais is infheidhme*

Ceanglais is infheidhme faoin reachtaíocht náisiúnta: Tá na rialacha nua maidir le hainmniúcháin beartaithe chun coincheapa ainmniúcháin sa dlí náisiúnta nach bhfuil faoi chosaint e-Ambrosia a shoiléiriú.

(d) *Údaráis rialaithe*

Athraíodh uimhir facs Chomhlachas Talmhaíochta Dhúiche na Réine agus na Palaitíneachta.

(e) *Eile*

Athraíodh foclaíocht Phointe 9.4.1 den tsonraíocht táirge, an chatagóir 'Fíon' chun idirdhealú a dhéanamh idir *Prädikatsweine* (fíonta lena ngabhann gnéithe ar leith) agus *Qualitätsweine* (fíonta ar ardchaighdeán).

Athraíodh foclaíocht Phointe 9.4.2 den tsonraíocht táirge, an chatagóir 'Fíon leathshúilíneach' chun na nósanna imeachta iarbhír a léiriú a bhaineann le fíon leathshúilíneach a dhéanamh.

Cuireadh an chéad choipeadh le pointe 9.4.3 den tsonraíocht táirge, an chatagóir 'Fíon súilíneach ar ardchaighdeán', ós rud é, faoin tuairisc roimhe seo ar an gcatagóir, ní fhéadfaí fíon den sórt sin a tháirgeadh ach le coipeadh tánaisteach. Níl sé sin i gcomhréir a thuilleadh leis an gcleachtas atá ann faoi láthair, ós rud é gur féidir anois fíon súilíneach ar ardchaighdeán a dhéanamh leis an gcéad choipeadh.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm(neacha)**

Rheinhessen

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí táirgí fíniúna**

1. Fíon

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

8. Fíon leathshúilíneach

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

1. *Qualitätswein* (fíon ar ardchaighdeán), geal

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Is fíonta aonchineálacha iad an chuid is mó de na fíonta, rud a léiríonn saintréithe na gcineálacha éagsúla as a ndéantar iad. Bíonn dath idir buí éadrom agus buí ar dhath an tuí ar na fíonta seo agus bíonn imreacha glasa orthu go minic freisin. Is iad na príomh-dheabholaithe a bhaineann leo dea-bholaithe de thorthaí buí agus trópaiceacha, go hócáideach in éineacht blasanna torthaíocha de noitmig, agus cothromaíocht mhín idir milseacht agus aigéadacht, tá na dea-bholaithe sin ar an bhfíon mar gheall ar an bpróiseas fíonóireachta séimh. Fágann an boladh agus an blas atá orthu imprisean glan agus úr.

Léirítear na difríochtaí idir an terroir éagsúil a aimsítear in Rheinhessen go han-mhaith i bhfíonta **RIESLING**. Baineann aigéadacht úr go sonrach leis na fíonta agus measctar saintréithe mianracha agus torthaí galánta iontu freisin. Go háirithe, is minic a bhíonn coipeadh malalachtach le brath ar fhíonta a tugadh chun cineáil i mbairillí nó cascaí darach agus bíonn dea-bholaithe míne tóstáilte orthu freisin. Is minic a bhíonn fíonta a dhéantar as meascáin de chineálacha fíonchaoire leathmhilis mar gheall ar an siúcra iarmharach.

Ní fhéadfaidh ach meascáin ina bhfuil 70 % ar a laghad de na fíonchaora iontu de na cineálacha a leanas: Riesling, Silvaner, Müller-Thurgau nó Kerner, agus ina bhfuil na cineálacha sin is mó le brath dá bhrí sin, an t-ainmniúchán 'Liebfrau(en)milch' a bheith orthu.

Ní fhéadfaidh neart alcóil iomlán fhíon ATFC 'Rheinhessen' a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

2. *Qualitätswein* (fíon ar ardchaighdeán), dearg

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Táirgtear na fíonta sin mar fhíonta aonchineálacha agus mar fhíonta cumaiscthe. Bíonn dath idir dearg agus dearg dorcha orthu, is minic a bhíonn imreacha gormacha, corcairghorma orthu freisin, agus iad sainiúil mar gheall ar na dea-bholaithe de thorthaí dearga agus caora atá orthu. Bíonn aigéadacht bhog ag fíonta ag a bhfuil tathag measartha chomh maith le struchtúr tainneach discréideach, agus blas torthaíoch láidir. Anuas ar na dea-bholaithe de thorthaí dearga, d'fhéadfadh dea-bholaithe spíosracha agus toite a bheith ar fhíonta tathagacha freisin.

Ní fhéadfaidh neart alcóil iomlán fhíon ATFC Rheinhessen a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	
Aigéadacht iomlán íosta	

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

3. *Qualitätswein* (fíon ar ardchaighdeán), rosé, *Weißherbst*, *Blanc de Noir*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Bíonn dath idir dearg éadrom agus dearg ar na fíonta sin, nó i gcás fíonta Blanc de Noir, bíonn dath fíona ghil orthu. Déantar iad a fháscadh ó fhíonchaora dearga amháin. Baineann tathag measartha leo de ghnáth agus bíonn dea-bholaithe fíneálta de thorthaí agus caora dearga orthu, chomh maith le haigéadacht spleodrach.

Ní fhéadfaidh neart alcóil iomlán fhíon ATFC Rheinhessen a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

4. *Qualitätswein* (fíon ar ardchaighdeán), Rotling

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Bíonn dath idir dearg éadrom agus dearg gléineach ar na fíonta sin, agus déantar iad trí fhíonchaora geala agus dearga nó úrfhíon a chumasc le chéile. Bíonn tathag measartha iontu de ghnáth agus dea-bholaithe de thorthaí buí agus dearga araon orthu sa bhéal.

Ní fhéadfaidh neart alcóil iomlán fhíon ATFC Rheinhessen a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

5. Prädikatswein Kabinett (fíon ag a bhfuil gné ar leith 'Kabinett')

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Is fíonta deasa agus spleodracha iad seo a mbaineann neart alcóil measartha, aigéadacht úr agus saintréithe sonracha den fhíon leo go ginearálta.

Ní fhéadfaidh neart alcóil iomlán fhíon ATFC Rheinhessen a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

6. *Prädikatswein* Spätlese (fíon ag a bhfuil gné ar leith 'Spätlese')

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Táirgtear fíonta atá saibhir ar bhealach comhchuí agus ag a bhfuil carachtar dian agus láidir ina gcuimsítear torthaí buí, agus milseacht shuntasach thorthaíoch fúthu, mar gheall go n-úsáidtear fíonchaora atá aibithe go hiomlán. Bíonn dath buí ar dhath an tuí orthu de ghnáth agus uaireanta bíonn an dath sin níos órga.

Ní fhéadfaidh neart alcóil iomlán fhíon ATFC Rheinhessen a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

7. *Prädikatswein Auslese* (fíon ag a bhfuil gné ar leith 'Beerenauslese')

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Bíonn dath órbhuí ar na fíonta sin de ghnáth, mar gheall go n-úsáidtear fíonchaora atá idir aibithe go hiomlán agus ró-aibí ach go hidéalach atá sláintiúil fós. Bíonn blas láidir de thorthaí buí agus trópaiceacha orthu agus d'fhéadfadh dea-bholaithe de thorthaí triomaithe, a éiríonn níos láidre de réir mar a thugtar iad chun cineáil, a bheith orthu freisin. Go háirithe i gcás fíonta Riesling, bíonn aigéadacht atá inbhraite go soiléir iontu in éineacht leis an méid siúcra iarmharaigh.

Ní fhéadfaidh neart alcóil iomlán fhíon ATFC Rheinhessen a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

8. *Prädikatswein Beerenauslese* (fíon ag a bhfuil gné ar leith 'Beerenauslese')

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Déantar na fíonta sin as fíonchaora ró-aibí, triomaithe nó botraíteasaithe agus bíonn dath dian órga orthu go ginearálta, dath a d'fhéadfadh athrú go hómra de réir mar a thugtar iad chun cineáil. Bíonn an blas atá orthu sainiúil mar gheall ar an milseacht láidir agus an neart alcóil atá idir íseal agus measartha. Bíonn dea-bholaithe tiubhaithe de rísíní, torthaí triomaithe agus mil le brath ar na fíonta seo go coitianta chomh maith le blasanna spíosracha.

Ní fhéadfaidh neart alcóil iomlán fhíon ATFC Rheinhessen a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

9. *Prädikatswein Eiswein* (fíon ag a bhfuil gné ar leith 'Eiswein')

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Déantar na fíonta sin as fíonchaora sláintiúla, atá aibí den chuid is mo, agus déantar iad a reo tráth a dhéantar iad a bhuaint agus a fháscadh mar gheall ar na dálaí aimsire. Tugann sé sin neart alcóil atá an-ard gan aon tionchar ó lobhadh uasal, ós rud é go bhfuil comhábhair na bhfíonchaor an-tiubhaithe. Dá réir sin, bíonn dath buí ar dhath an tuí ar na fíonta de ghnáth, chomh maith le leibhéal ard milseachta torthaí agus aigéadacht thiubhaithe.

Ní fhéadfaidh neart alcóil iomlán fhíon ATFC Rheinhessen a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

10. *Prädikatswein Trockenbeerenauslese* (fíon ag a bhfuil gné ar leith 'Trockenbeerenauslese')

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Déantar na fíonta sin as fíonchaora ró-aibí, triomaithe nó botraíteasaithe agus bíonn dath dian órga orthu go ginearálta, dath a d'fhéadfadh athrú go hómra de réir mar a thugtar iad chun cineáil. Bíonn an blas atá orthu sainiúil mar gheall ar an milseacht láidir agus an neart alcóil atá idir íseal agus measartha. Bíonn dea-bholaithe tiubhaithe de rísíní, torthaí triomaithe agus mil le brath ar na fíonta seo go coitianta chomh maith le blasanna spíosracha. Tá fíonta *Trockenbeerenauslese* éagsúil ó fhíonta *Beerenauslese* mar tá siad níos tiubhaithe agus bíonn tionchar níos láidre ag lobhadh uasal ar a ndea-bholaithe.

Ní fhéadfaidh neart alcóil iomlán fhíon ATFC Rheinhessen a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

11. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Déantar na fíonta súilíneacha as fíonta aonchineálacha de ghnáth. Bíonn tionchar ag an gcineál a úsáidtear ar bhlas na bhfíonta agus bíonn cuma fhíneálta shúilíneach orthu.

Is minic a bhíonn struchtúr bog, uachtarach chomh maith le tathag maorga agus bolgáin an-mhín ag fíonta súilíneacha a shainítear mar 'Cremant'.

Ní fhéadfaidh neart alcóil iomlán fhíon ATFC Rheinhessen a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

12. Fíon leathshúilíneach

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Bíonn fíonta leathshúilíneacha spleodrach, torthaíoch agus úr. Déantar iad as cineálacha aramatacha de ghnáth, agus bíonn tionchar ag na cineálacha sin ar an mblas atá orthu.

Ní fhéadfaidh neart alcóil iomlán fhíon ATFC Rheinhessen a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

5. **Cleachtais fíonóireachta**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Táirgí iomlána

Cleachtas fíoneolaíochta sonrach

Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

2. Táirgí iomlána

Srianta fíonóireachta

Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

3. Táirgí iomlána

Cleachtais saothraithe

Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

5.2. *Uastáirgeacht*

1.

105 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Tá fíonghoirt sna bardais a leanas mar chuid de limistéar an ATFC: Albig, Alsheim, Alzey, Appenheim, Armsheim, Aspisheim, Badenheim, Bechenheim, Bechtheim, Bechtolsheim, Bermersheim (Alzey-Worms), Bermersheim vor der Höhe, Biebelnheim, Biebelsheim, Bingen am Rhein 1, Bodenheim, Bornheim (Alzey-Worms), Bubenheim (Mainz-Bingen), Budenheim, Dalheim, Dexheim, Dienheim, Dintesheim, Dittelsheim-Heßloch, Dolgesheim, Dorn-Dürkheim, Eckelsheim, Eich, Eimsheim, Engelstadt, Ensheim, Eppelsheim, Erbes-Büdesheim, Esselborn, Essenheim, Flörsheim-Dalsheim, Flonheim, Flomborn, Framersheim, Frei-Laubersheim, Freimersheim (Alzey-Worms), Frettenheim, Friesenheim, Fürfeld, Gabsheim, Gau-Algesheim, Gau-Bickelheim, Gau-Bischofsheim, Gau-Heppenheim, Gau-Odernheim, Gau-Weinheim, Gensingen, Gimbsheim, Grolsheim, Gumbsheim, Gundersheim, Gundheim, Guntersblum, Hackenheim, Hahnheim, Hangen-Weisheim, Harxheim, Heidesheim am Rhein, Hillesheim (Mainz-Bingen), Hochborn, Hohen-Sülzen, Horrweiler, Ingelheim am Rhein, Jugenheim in Rheinhessen, Kettenheim, Klein-Winternheim, Köngernheim, Lörzweiler, Lonsheim, Ludwigshöhe, Mainz, Mauchenheim, Mettenheim, Mölsheim, Mörstadt, Mommenheim, Monsheim, Monzernheim, Nack, Nackenheim, Neu-Bamberg, Nieder-Hilbersheim, Nieder-Olm, Nieder-Wiesen, Nierstein, Ober-Flörsheim, Ober-Hilbersheim, Ober-Olm, Ockenheim, Offenheim, Offstein, Oppenheim, Osthofen, Partenheim, Pfaffen-Schwabenheim, Pleitersheim, Sankt Johann (Mainz-Bingen), Saulheim, Schornsheim, Schwabenheim an der Selz, Selzen, Siefersheim, Sörgenloch, Spiesheim, Sprendlingen, Stadecken-Elsheim, Stein-Bockenheim, Sulzheim, Tiefenthal (Bad Kreuznach), Udenheim, Uelversheim, Undenheim, Vendersheim, Volxheim, Wachenheim, Wackernheim, Wahlheim, Wallertheim, Weinolsheim, Welgesheim, Wendelsheim, Westhofen, Wintersheim, Wöllstein, Wörrstadt, Wolfsheim, Wonsheim, Worms, Zornheim, Zotzenheim.

Qualitätswein (fíon ar ardchaighdeán), *Prädikatswein* (fíon ag a bhfuil gné ar leith), *Sekt b.A.* (fíon súilíneach ar ardchaighdeán ó réigiúin shainithe) nó *Qualitätsperlwein* (fíon leathshúilíneach ar ardchaighdeán ó réigiúin shainithe) ag a bhfuil an t-ainm cosanta 'Rheinhessen', ní mór iad a tháirgeadh sa limistéar fáis, i limistéar fáis eile i nDúiche na Réine agus an Phalaitíneacht nó i limistéar fáis i stát feidearálach máguaird.

7. **Cineál/cineálacha fíniúna**

Accent

Acolon

Adelfränkisch - Grüner Adelfränkisch

Albalonga

Alegrillo negro

Allegro

Alvarinho - Albarino

Arnsburger

Auxerrois - Auxerrois blanc, Pinot Auxerrois

Bacchus

Barbera

Baron

Bettlertraube - Grüne Bettlertraube

Blauburger

Blauer Frühburgunder - Pinot Noir Précoce, Pinot Madeleine, Madeleine Noir, Frühburgunder, Pinot Madelaine

Blauer Gänsfüßer

Blauer Hängling

Blauer Limberger - Lemberger, Blaufränkisch, Limberger

Blauer Muskateller - Muskateller, Schwarzblauer Muskateller; Muscat Noir, Schwarzer Muskateller, Muscat a petits grains noirs

Blauer Portugieser

Blauer Silvaner

Blauer Spätburgunder

Blauer Trollinger - Trollinger, Vernatsch

Blauer Zweigelt - Zweigeltrebe, Rotburger, Zweigelt

Blütenmuskateller

Bolero

Bronner

Cabaret Noir

Cabernet Blanc

Cabernet Cantor

Cabernet Carbon

Cabernet Carol

Cabernet Cortis

Cabernet Cubin

Cabernet Dorio

Cabernet Dorsa

Cabernet Franc

Cabernet Jura

Cabernet Mitos

Cabernet Sauvignon

Cabertin

Calabrese - Nero d'Avola

Calandro

Calardis Blanc

Carménère

Chardonnay

Chatus

Chenin Blanc

Cumdeo blanc

Cumdeo rouge

Dakapo

Dalkauer

Deckrot

Divico

Domina

Donauriesling

Donauveltliner

Dornfelder

Dunkelfelder

Ehrenbreitsteiner

Ehrenfelser

Faberrebe

Felicia

Findling

Freisamer

Früher Leipziger

Früher Malingre - Malinger

Früher Roter Malvasier - Malvasier, Früher Malvasier, Malvoisie

Furmint

Färbertraube

Gamay noir

Gelber Kleinberger

Gelber Muskateller

Gelber Orleans - Orleans

Glera

GM 324-58

Gm 6421-15

Gm 6421-2

Gm 6423-12

Gm 6427-5

Gm 674-1

Gm 7217-5

Gm 789-10

Gm 7926-1

Gm 7941-11

Gm 8210-1

Goldmuskateller - Muskateller

Goldriesling

Grenache noir - Grenache

Grüner Silvaner - Silvaner, Sylvaner

Grüner Veltliner - Veltliner

Grünfränkisch

Hartblau

Hegel

Helfensteiner

Helios

Heroldrebe

Hibernal

Huxelrebe - Huxel

Hölder

Jakob Gerhardt Blanc - Jakob Gerhardt blanc

Johanniter

Juwel

Kanzler

Kerner

Kernling

Kleiner Fränkischer Burgunder - Burgunder fränkisch Kleiner

Lagrein - Blauer Lagrein, Lagrain

Laurot

Malbec

Manzoni bianco - Manzoni bianco

Mariensteiner

Marsanne blanche - Marsanne

Merlot

Merzling

Monarch

Morio Muskat

Mucabona

Muscaris

Muskat Ottonel - Muskat-Ottonel

Muskat Trollinger

Müller Thurgau - Rivaner

Müllerrebe - Schwarzriesling, Pinot Meunier

Nebbiolo

Neronet

Nobling

Optima 113 - Optima

Orangentraube

Orion

Ortega

Osteiner

Palas

Perle

Petit Manseng

Petit Verdot

Petite Syrah

Phoenix - Phönix

Pinot Nova

Pinotage

Pinotin

Piroso

Pollux

Primitivo - Zinfandel, Blaucher Scheuchner

Prinzipal

Prior
Reberger
Regent
Regner
Reichensteiner
Rheinfelder
Rieslaner
Rinot
Rondo
Rosenmuskateller - Muskateller
Rosé Chardonnay - Chardonnay, Rosa Chardonnay, Chardonnay Rosé
Rotberger
Roter Elbling - Elbling Rouge
Roter Gutedel - Chasselas Rouge, Fendant Rouge
Roter Muskateller - Muskateller, Muscat, Moscato
Roter Müller-Thurgau
Roter Riesling
Roter Traminer - Clevner, Traminer
Roter Veltliner
Rubinet
Ruländer - Pinot Grigio, Grauburgunder, Grauer Burgunder, Pino Gris
Saint Laurent - St. Laurent, Sankt Laurent
Sangiovese
Saphira
Satin Noir
Sauvignac
Sauvignon Blanc - Muskat Silvaner
Sauvignon Cita
Sauvignon Gris
Sauvignon Gryn
Sauvignon Sary
Sauvitage
Savagnin Blanc - Weißer Traminer
Scheurebe
Schwarzblauer Riesling
Schwarzer Heunisch
Schwarzer Urban
Schönburger
Semillon
Septimer
Siegerrebe
Silcher
Sirius
Solaris

Souvignier Gris

Staufer

Syrah

Süßschwarz

Tannat

Tauberschwarz

Tempranillo

VB 32-7

VB 91-26-5

Verdicchio bianco - Trebbiano di Soave

Villaris

Viognier

We 70-281-37

We 94-26-37

We S 503

Weißer Burgunder - Pinot Bianco, Weißburgunder, Pinot Blanc

Weißer Elbling - Elbling, Kleinberger

Weißer Gutedel - Chasselas Blanc, Fendant Blanc, Fendant

Weißer Riesling - Riesling renano, Rheinriesling, Klingenberger, Riesling

Weißer Räuschling

Wildmuskat

Würzer

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

8.1.

Is é limistéar fíonsaothrúcháin Rheinhessen an limistéar ina bhfuil Rheinhessische Tafel- und Hügelland (ardchlár agus talamh ard Réineach-Heiseánach) agus abhantrach Mainz a bheag nó a mhór. Is é sainghné an tírdhreacha ardchláir d'aolchloch fhrithsheasmhach a bhfuil loig leathana tríothu maille le cnoic shéimhe agus tailte ísle. Tá na limistéar ardchláir is airde idir 250 méadar agus 300 méadar os cionn leibhéal na mara, agus na tailte ísle idir 100 méadar agus 150 méadar os cionn leibhéal na mara. Is ar thaobhanna na gcnoc a bhíonn an chuid is mó den fhíonsaothrú, cé nach bhfuil sa mheánghrádán ach 7 %. Tá an fíonsaothrú le fáil ar fhánaí crochta go háirithe sa limistéar timpeall Nierstein agus in Bingen. Ar an meán, fásann na fíniúnacha ag airde de 175 mhéadar os cionn leibhéal na mara. Tá aghaidh idir soir ó dheas agus siar ó dheas ag an gcuid is mó de na fíonghoirt.

Is éard atá i limistéar fíonsaothrúcháin Rheinhessen dríodair Threasacha agus Cheathartha go príomha a luíonn ar bhonn de charraigeacha Rotliegend. Tá carraigeacha Rotliegend le feiceáil ar dhromchla an domhain sa chuid is faide siar ó dheas den limistéar agus gar do Nierstein (Niersteiner Horst). Luíonn an chuid is mó den limistéar ar charraigeacha Treasacha ar a bhforluíonn dríodair Cheathartha den chuid is mó (díorthaigh lóis, léibhinn abhann, dríodair ó shruthchúrsaí, dríodair ó fhánaí). Is éard atá sna limistéir d'ardchláir in Rheinhessen aolchloch Threasach, agus aimsítear marlaí Treasacha níos boige ar na limistéir fána, cnoic agus ísealchríche. Cumhdaíonn lós an aolchloch atá sna limistéar d'ardchláir agus is minic a bhíonn na haolchlocha de na limistéir ísealchríche folaithe ag lós nó dríodair ó fhánaí, agus tá marlaí na limistéar ísealchríche cumhdaithe le dríodair ó shruthchúrsaí, léibhinn nó dríodair athdháilte. Aimsítear grianchloichít agus scláta Deavónach sa chuid iarthuaiscirt de limistéar fíonsaothrúcháin Rheinhessen gar do Bingen. A mhéid a bhaineann le foirmiú ithreach, is iad lós agus díorthaigh lóis an mháthair-shubstráit. Is mar a leanas atá aeráid limistéar fíonsaothrúcháin Rheinhessen: Tá an mheánteocht bhliantúil thart ar 9.9 °C. Is é 14.6 °C an mheánteocht le linn an tséasúir fáis. Tá na limistéir ina bhfuil na meánteochtaí bliantúla níos ísle lonnaithe in iarthuaisceart an limistéir fáis, ar an teorainn le habhantrach an Saar-Nahe. Tá na meánteochtaí le fáil ar Rheinhessische Tafel- und Hügelland, agus na meánteochtaí bliantúla is airde le fáil nuair i dtreo Mhachaire na Réine Uachtaraí. Faigheann an limistéar meán de 500 mm (a bheag nó a mhór) frasaíochta gach bliain, tagann 65 % (355 mm) den fhrasaíocht sin le linn an tséasúir fáis. Ar an meán, faigheann na fíniúnacha in Rheinhessen 650 000 Wh/m2 de sholas gréine le linn an tséasúir fáis.

Saothraíonn saothróirí fíona dáileachtaí móra atá nasctha, rud a chiallaíonn go n-oibríonn an meicniúchán go maith agus gur féidir na limistéir a shaothrú ar bhealach atá costéifeachtach. Tá an-mheas acu ar raon na gcineálacha fíniúna agus an fhéidearthacht chun iad a fhás, rud is féidir a dhéanamh mar gheall ar na próifílí ithreacha éagsúla. Bíonn raon leathan blasanna ag an tomhaltóir mar thoradh air sin. Chuaigh an earnáil fíona ó neart go neart le 20 bliain anuas. Léirítear an rath sin sa líon de na táirgeoirí óga is fearr agus an líon sin ag méadú i gcónaí. Tá an toisc dhaonna bunaithe ar thraidisiún fíonsaothrúcháin atá ann ar feadh na n-aoiseanna.

8.2. *Fíon*

Baineann na naisc atá luaite faoi phointe 9.1 agus 9.3 den tsonraíocht táirge le táirgeadh táirgí bunúsacha ó fhíonchaor a bhfuil carachtar difriúil acu mar gheall ar na hithreacha agus na modhanna próiseála éagsúla.

Tar éis na buainte, aicmítear iad sa ghrád cáilíochta iomchuí i ndáil le táirgeadh fíona.

Ní mór d'fhíonta ar ardchaighdeán na híoscheanglais a chomhlíonadh in aghaidh catagóire de chineál fíonchaoire a leagtar síos i bpointe 3.2 den tsonraíocht táirge agus féadfar iad a threisiú.

Ní mór go gcomhlíonfadh 'Prädikatsweine (fíonta lena ngabhann gnéithe ar leith) na critéir a leagtar amach i bpointe 3.2 ar a laghad agus níor cheart iad a shaibhriú. Maidir leis an mbuntáirge fíonchaor a úsáidtear chun fíon lena ngabhann gnéithe ar leith a fháil, is féidir le saothróirí fíona cáilíocht níos fearr a bhaint amach mar thoradh ar chomhdhéanamh níos déine de chomhábhair san fhíonchaor, trí bhearta cothabhála speisialta a dhéanamh le linn an tséasúir fáis, amhail duilleoga a bhaint timpeall na fíonchaor nó tanú braisle. Anuas air sin, féadann modhanna éagsúla aibithe siléir a bhaineann leis an teicneolaíocht, chomh maith le toisc dhaonna bhreise, an fíon lena ngabhann gnéithe speisialta agus a tháirgtear sa deireadh a mhúnlú.

8.3. *Fíon leathshúilíneach*

Maidir le fíon leathshúilíneach ar ardchaighdeán ó na réigiúin shainmhínithe, ní mór go gcomhlíonfadh an táirge bunúsach na híoscheanglais maidir le fíon ar ardchaighdeán sa réigiún atá i gceist agus atá leagtha amach faoi phointe 3.2. den tsonraíocht táirge. Coinnítear cuid den aigéad carbónach ón gcoipeadh nádúrtha le linn coipthe.

8.4. *Fíon súilíneach ar ardchaighdeán*

Ní mór go gcomhlíonfadh an táirge bunúsach na critéir a leagtar amach i bpointe 3.2 den tsonraíocht táirge. Ag brath ar a gcéim fáis agus a n-ionad, maidir le fíonchaora ó fhíonghoirt roghnaithe a úsáidtear chun bunfhíon a dhéanamh atá beartaithe chun fíon súilíneach a tháirgeadh, ní mór iad a bhuaint níos luaithe ionas go gcoinníonn siad struchtúr aigéid úr na bhfíonta súilíneacha ar ardchaighdeán ó réigiúin shainithe. Táirgtear an fíon le céad nó dara coipeadh san umar nó sa bhuidéal. I gcás ina dhéantar táirgeadh le modh traidisiúnta an choipthe sa bhuidéal, ní mór dara coipeadh alcólach sa bhuidéal a dhéanamh ar an táirge chun fíon súilíneach a dhéanamh de. Sa chás seo ní mór an táirge a aibiú sa bhuidéal ar feadh 9 mí ar a laghad.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór do na fíonta dul faoi chigireacht oifigiúil chun bheith lipéadaithe leis na téarmaí traidisiúnta *Qualitätswein* (fíon ar ardchaighdeán), *Prädikatswein* (fíon ag a bhfuil gné ar leith), *Qualitätsperlwein b.A.* (fíon leathshúilíneach ar ardchaighdeán ó réigiúin shainithe) agus *Sekt b.A.* (fíon súilíneach ar ardchaighdeán ó réigiúin shainithe). Ní mór an uimhir cigireachta a eisítear sa chomhthéacs sin (*amtliche Prüfungsnummer*) a shonrú ar an lipéad. Cuirtear é sin in áit na baiscuimhreach. Anuas ar an ainm fíona faoi chosaint atá ann cheana, ní mór fíon agus táirgí fíona a lipéadú le ceann amháin de na téarmaí a liostaítear i bpointe 5(a) den tsonraíocht táirge. Tá úsáid na dtéarmaí traidisiúnta a liostaítear i bpointe 5(b) den tsonraíocht táirge roghnach.

Féadfar gnéithe reachtúla d'ainmniúchán a úsáid i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Thairis sin, soláthraíonn an clár fíonghort liosta d'ainmneacha limistéar, idir ar scála mór, fíonghoirt aonair agus córais páirceanna neamhfhálaithe is féidir a úsáid mar aonaid gheografacha níos lú.

Taispeántar leis teorainneacha na láithreán agus na limistéar i dtéarmaí tagairtí cadastracha (aonad cadastrach, fo-aonad cadastrach, córas páirceanna neamhfhálaithe, dáileacht). Déanann Comhlachas Talmhaíochta Dhúiche na Réine agus na Palaitíneachta é a bhainistiú.

Bunaítear an clár fíonghort agus déantar é a choinneáil ar bun ar bhonn:

— Roinn 23(3) agus (4) den Ghníomh Feidearálach um Fhíon (*Weingesetz*);

— Roinn 29 den Rialachán Feidearálach um Fhíon (*Weinverordnung*);

— Gníomh Dhúiche na Réine agus an Phalaitíneacht maidir le críochú láithreán agus limistéar agus an clár fíonghort (Gníomh um Fhíonghoirt) (*Landesgesetz über die Festsetzung von Lagen und Bereichen und über die Weinbergsrolle* (Weinlagengesetz));

— Roinn 2, pointe (16) de Rialachán de chuid Dhúiche na Réine agus an Phalaitíneacht maidir le freagrachtaí i réimse na reachtaíochta fíona (*Landesverordnung über Zuständigkeiten auf dem Gebiet des Weinrechts*).

Ní féidir teorainneacha aonad geografach níos lú a athrú ach le toiliú ón eagraíocht inniúil faoi Roinn 22 den Ghníomh Feidearálach um Fhíon, agus chomh maith leis sin, faoin roinn sin ní mór fógra a thabhairt don Oifig Fheidearálach um Thalmhaíocht agus Bia faoi aon athrú.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

http://www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein